## SOUTH DUBLIN COUNTY COUNCIL

## SITE NOTICE OF FURTHER INFORMATION /REVISED PLANS

**Name of Applicant - The Department of Education**

**Reference No. of Planning Application – SDZ 22A/0011** – Development of proposed new primary school at this site to the east of Kishoge Community College, at Thomas Omer Way, Balgaddy, Lucan, Co. Dublin. The application site is located within the Clonburris Strategic Development Zone (SDZ).

The development applied for consists of the construction of a new primary school. The proposed primary school will extend to c3,355 sq.m will be 2 storeys in height and will comprise 16 no. classrooms with an additional 2 classroom Special Educational Needs Unit; a General Purpose Hall and all ancillary teacher and pupil amenities and facilities. The proposed development also provides for hard and soft play areas, including 2 no. outdoor ball courts, bicycle parking, staff car parking, vehicle drop off and set down areas. Photovoltaic Panels (PV) are proposed on roofs in addition to EV Charging Points and a packaged Biomass heating plant. The proposed development also provides for all landscaping and boundary treatments and all associated site development works.

Access to the site will be via a new junction and access road off Thomas Omer Way. The new access road will run south off Thomas Omer Way and then west into the site. The proposed access road is in accordance with the Clonburris Strategic Development Zone (SDZ) Planning Scheme and incorporates public lighting, footpaths and cycle tracks. A further pedestrian / cycle only connection to Thomas Omer Way is also proposed along the western green corridor, west of the proposed school building.

The Significant Further Information and Revised Plans include alterations to the proposed scheme comprising revisions to the overall application site area, from 1.91 hectares to 2.08 hectares; repositioning and redesign of originally proposed vehicular access off Thomas Omer Way (repositioned c.100 m west); changes to the road layout on Thomas Omer Way including right and left turning lanes and new road markings; revised internal pedestrian/cycle network to connect with existing pedestrian/cycle access on Thomas Omer Way to the north-west of the site; revised design and layout, including an increase in the overall Gross Floor Area of the building from 3,355 sq.m to 3,390 sq.m, and an increase in the height of buildings and elevational changes; revised boundary treatments; revised Landscape Plan incorporating a Green Infrastructure Plan; Hedgerow Management Plan; Tree and Hedgerow Protection Plan; Bat Survey; revised drainage proposals incorporating Sustainable Urban Drainage (SuDS) measures; and a revised Mobility Management Plan.

The significant Further Information/ Revised Plans have been furnished to the Planning Authority in respect of this proposed development and are available for inspection or purchase at the offices of South Dublin County Council, County Hall, Town Centre, Tallaght, Dublin 24 during its public opening hours of Monday to Friday from 9:00am to 4:00pm., and may also be viewed on the Council's website – www.sdcc.ie.

A submission or observation in relation to the application may be made in writing to the planning authority within the period of 2 weeks of the receipt of the Significant Further Information.

A submission or observation must be accompanied by the prescribed fee of €20.00, except in the case of a person or body who has already made a submission or observation.

Signed: Denis Lenihan (Agent)

Mr. Denis Lenihan

AFEC International

Unit B6 Swords Enterprise Park

Dublin

Date of Erection of Site Notice - **16th January 2023**

## COMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

## FÓGRA SUÍMH MAIDIR LE hEOLAS BREISE / PLEANANNA LEASAITHE

**Ainm an Iarratasóra - An Roinn Oideachais**

**Uimhir Thagartha an Iarratais Pleanála – SDZ 22A/0011 –** Bunscoil nua atá beartaite a fhorbairt ag an suíomh seo ar an taobh thoir de Choláiste Pobail na Ciseoige, ag Bealach Thomas Omer, Baile Gadaí, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath. Tá suíomh an iarratais suite laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Chluain Buiríosa.

Is é atá san fhorbairt a ndearnadh iarratas ina leith ná tógáil bunscoile nua. Beidh achar de c3,355 méadar cearnach sa bhunscoil atá beartaithe, beidh sí dhá stór ar airde agus cuimseoidh sí 16 sheomra ranga chomh maith le hAonad breise do Riachtanais Speisialta Oideachais ina mbeidh dhá sheomra ranga; Halla Ilchuspóireach agus gach áis agus saoráid chúntach do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Tá soláthar á dhéanamh freisin san fhorbairt atá beartaithe do limistéir chrua agus do limistéir bhoga i gcomhair súgradh, lena n-áirítear dhá chúirt liathróide taobh amuigh, páirceáil do rothair, carrchlós don fhoireann, limistéir fágála agus thuirlingthe d'fheithiclí. Tá sé beartaithe painéil fhótavoltacha (PV) a chur ar na díonta chomh maith le Pointí Luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus gléasra teasa Bithmhaise pacáistithe. Déantar soláthar san fhorbairt atá beartaithe freisin do gach cóireáil tírdhreacha agus teorann agus do gach obair forbartha ghaolmhar ar an suíomh.

Beidh rochtain ar an suíomh trí acomhal agus bóthar rochtana nua ó Bhealach Thomas Omer. Rachaidh an bóthar rochtana nua ó dheas ó Bhealach Thomas Omer agus ansin siar chuig an suíomh. Tá an bóthar rochtana atá beartaithe i gcomhréir leis an Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Chluain Buiríosa agus cuimsíonn sé soilsiú poiblí, cosáin agus raonta rothar. Tá sé beartaithe freisin go mbeadh nasc breise do choisithe/rothaithe amháin le Bealach Thomas Omer feadh chonair ghlas an iarthair ar an taobh thiar den fhoirgneamh scoile atá beartaithe.

San áireamh san Eolas Suntasach Breise agus sna Pleananna Leasaithe tá athruithe ar an scéim atá beartaithe a chuimsíonn leasuithe ar achar foriomlán shuíomh an iarratais, ó 1.91 heicteár go dtí 2.08 heicteár; athshuí agus athdhearadh ar an mbealach isteach d'fheithiclí a bhí beartaithe i dtús báire ó Bhealach Thomas Omer (athshuite c.100 m ar an taobh thiar); athruithe ar leagan amach an bhóthair ar Bhealach Thomas Omer lena n-áirítear lánaí chun casadh ar dheis agus ar chlé agus marcálacha bóthair nua; líonra coisithe/rothaithe inmheánach leasaithe chun ceangal leis an mbealach isteach do choisithe/rothaithe atá ann cheana féin ar Bhealach Thomas Omer ar an taobh thiar thuaidh den suíomh, dearadh agus leagan amach leasaithe, lena n-áirítear méadú ar Ollachar Urláir foriomlán an fhoirgnimh ó 3,355 méadar cearnach go 3,390 méadar cearnach agus méadú ar airde foirgneamh agus athruithe ar ingearchló; cóireálacha teorann leasaithe; Plean Tírdhreacha leasaithe a chuimsíonn Plean Bonneagair Ghlais; Plean Bainistíochta Fálta Sceach; Plean Cosanta Crann agus Fálta Sceach; Suirbhé Ialtóg; tograí leasaithe maidir le draenáil ina gcuimsítear bearta um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SuDS); agus Plean Bainistíochta Luaineachta leasaithe.

Tá an tEolas Suntasach Breise/ Pleananna Leasaithe tugtha don Údarás Pleanála maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus tá siad ar fáil lena n-iniúchadh nó le ceannach ag oifigí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Lár an Bhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 le linn uaireanta oscailte poiblí ó Luan go hAoine ó 9:00am go 4:00pm., agus féadfar iad a iniúchadh freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle – www.sdcc.ie.

Féadfar aighneacht nó barúil maidir leis an iarratas a chur isteach i scríbhinn chuig an údarás pleanála laistigh den tréimhse coicíse ón uair a fuarthas an tEolas Suntasach Breise.

Ní mór go mbeadh an táille €20 atá leagtha síos in éineacht leis an aighneacht nó leis an mbarúil, ach amháin i gcás duine nó comhlacht a chuir isteach aighneacht nó barúil cheana féin.

Sínithe: Denis Lenihan (Gníomhaire)

An tUasal Denis Lenihan

AFEC International

Aonad B6 Páirc Fiontraíochta Shoird

Baile Átha Cliath

An dáta ar ar Cuireadh Suas an Fógra Suímh - **16 Eanáir 2023**